Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge

11 Meán Fómhair – 4 Nollaig 2010

- Cruinneas gramadaí
- Cúrsaí stíle
- Aistriúchán

Gaelchultúr Teoranta, Foirgneamh Filmbase, An Chuarshráid,
Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2
(01) 484 5220 | eolas@gaelchultur.com | www.gaelchultur.com

Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge

Ó bhain an Ghaeilge stádas oifigiúil amach san Aontas Eorpach agus ó achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá deiseanna nua fostaíochta ann dóibh siúd a bhfuil ardscileanna scríofa acu sa teanga. Tá go leor daoine a bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge ach nach bhfuair deis cheart riamh gramadach chruinn a fhoghlaim ná cur lena scileanna scríofa. Tá Gaelchultúr chun dianchúrsa ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge a reáchtáil ó thús mhí Mheán Fómhair go tús mhí na Nollag 2010 chun cabhrú le daoine dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Beidh an cúrsa páirtaimseartha seo dírithe orthu siúd ar mian leo iarratas a chur isteach ar chúrsa iarchéime Gaeilge – MA san Aistriúchán nó MA sa Ghaeilge Fheidhmeach, cuir i gcás – ach a mheasann nach bhfuil an caighdeán cuí bainte amach acu. Beidh sé oiriúnach chomh maith do dhaoine a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge ar bhonn laethúil – iriseoirí, státseirbhísigh agus aistritheoirí, mar shampla – ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna scríofa Gaeilge. Beidh an cúrsa ina chabhair freisin dóibh siúd a bhfuil sé beartaithe acu scrúdú Fhoras na Gaeilge a dhéanamh chun an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí a bhaint amach.

Díreofar sa dianchúrsa ar chruinneas gramadaí, ar chúrsaí stíle agus ar an aistriúchán. Cuirfear béim chomh maith ar na háiseanna teicneolaíochta atá ar fáil sa Ghaeilge, cinn ar líne ina measc.

Déanfaidh na rannpháirtithe an chuid is mó den chúrsa seo ar líne ach eagrófar seisiúin sa seomra ranga ar na Sathairn seo a leanas:

11 Meán Fómhair, 9 Deireadh Fómhair, 6 Samhain, 4 Nollaig

Beidh na seisiúin Sathairn ar siúl ag na hamanna seo: 10.00 a.m. – 1.00 p.m. agus 2.00 – 4.30 p.m. Ní bheidh sé éigeantach freastal ar na seisiúin seo sa seomra ranga ach moltar go láidir do na mic léinn bheith i láthair acu.

Cruthófar cuntas do na rannpháirtithe ar shuíomh ríomhfhoghlama Ghaelchultúir, ranganna.com, agus beidh deis acu ceachtanna idirghníomhacha a dhéanamh ar an suíomh sin agus aiseolas a fháil láithreach. Cuirfear fóram ar fáil dóibh ar ranganna.com chomh maith, áit a mbeidh siad in ann ábhar an chúrsa a phlé le mic léinn eile agus lena dteagascóir.

Beidh scrúdú gramadaí agus aistriúcháin dhá uair an chloig le déanamh ag na mic léinn ar chríochnú an chúrsa dóibh. Beidh an scrúdú ceannchúrsa seo ar siúl Dé Sathairn, 16 Eanáir 2011, idir 2.00 – 4.00 p.m.

Beidh an scrúdú ceannchúrsa mar scrúdú iontrála chomh maith do chúrsa san aistriúchán a bheidh á reáchtáil ag Gaelchultúr ó mhí Mheán Fómhair gach bliain. Tá níos mó eolais le fáil faoin gcúrsa bliana seo ar an gcéad leathanach eile den bhróisiúr seo.

Riachtanais iontrála

Moltar d'iarrthóirí gan tabhairt faoin gcúrsa seo gan ar a laghad B a bheith bainte amach acu sa pháipéar ardleibhéil Gaeilge san Ardteistiméireacht (nó a mhacasamhail). D'fhéadfadh an cúrsa a bheith oiriúnach d'iarrthóirí, áfach, nach bhfuair scolaíocht in Éirinn ach a bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu.

Táille

Cosnóidh an dianchúrsa i gCruinneas na Gaeilge €450. Ní mór d'iarrthóirí an táille iomlán a íoc roimh thús an chúrsa.

Dáta deiridh d'iarratais

Ní mór d'iarratais a bheith faighte ag Gaelchultúr faoi faoi 5.00 p.m. ar an 7 Meán Fómhair 2010.

Foirm iarratais / Eolas

Tá foirm iarratais mar chuid den bhróisiúr seo nó is féidir áit a chur in áirithe ar líne (www.gaelchultur.com). Tá tuilleadh eolais ar fáil ó oifig Ghaelchultúir:
(01) 484 5220 | eolas@gaelchultur.com

Dátaí tábhachtacha

Dáta deiridh d'iarratais:	Dé Máirt, 7 Meán Fómhair 2010
Tús an chúrsa:	Dé Sathairn, 11 Meán Fómhair 2010
Seisiúin Sathairn:	11 Meán Fómhair, 9 Deireadh Fómhair, 6 Samhain, 4 Nollaig
Scrúdú ceannchúrsa:	Dé Sathairn, 16 Eanáir 2011

Tá tacaíocht á cur ar fáil don dianchúrsa ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs

Cúrsa bliana san aistriúchán

Beidh Gaelchultúr ag cur tús le cúrsa san aistriúchán i mí Dheireadh Fómhair 2010. Mairfidh an cúrsa páirtaimseartha seo 12 mhí ar fad agus beidh sé oiriúnach dóibh siúd ar mian leo bheith ag obair in earnáil an aistriúcháin in institiúidí na hÉireann agus na hEorpa. Beidh sé feiliúnach chomh maith do dhaoine atá ag cur seirbhísí aistriúcháin ar fáil do chomhlachtaí stáit.

Beidh na mic léinn a fhreastalóidh ar an gcúrsa seo in ann díriú ar an aistriúchán dlíthiúil nó ar an aistriúchán ginearálta. Cuirfear béim sa chúrsa ar chruinneas gramadaí, ar chúrsaí stíle, ar léamh profaí agus ar scileanna eagarthóireachta.

Beidh ar gach duine ar mian leis tabhairt faoin gcúrsa bliana scrúdú ceannchúrsa an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge (cf. an leathanach thall) a dhéanamh mar scrúdú iontrála. Beidh an tástáil dhá uair an chloig sin ar siúl trí huaire gach bliain: i mí Eanáir, i mí na Bealtaine agus i mí Lúnasa (dátaí ar fáil ar www.gaelchultur.com).

Bronnfar áit ar an gcúrsa bliana san aistriúchán ar na hiarratasóirí (i) a bhainfidh caighdeán sásúil amach sa scrúdú iontrála; (ii) a mbeidh na cáilíochtaí cuí acadúla acu (tuilleadh eolais ar www.gaelchultur.com); (iii) a thabharfaidh freagraí sásúla ar na ceisteanna a bheidh ar fhoirm iarratais an chúrsa bliana.

Nóta: Ní gá freastal ar an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge chun tabhairt faoin scrúdú iontrála.

Beidh níos mó eolais ar fáil faoin gcúrsa bliana san aistriúchán roinnt míonna sula dtosóidh sé. Tabhair cuairt ar www.gaelchultur.com chun teacht ar an eolas sin.

Foirm Iarratais:
Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge,
11 Meán Fómhair – 4 Nollaig 2010

Ainm agus Sloinne : _____

Seoladh : _____

_____

Uimhir theagmhála: _____

Ríomhphost: _____

OIDEACHAS / TAITHÍ

An bhfuil cáilíochtaí bainte amach agat sa Ghaeilge? Má tá, cad iad?

_____

_____

An bhfuil tú ag obair trí mheán na Gaeilge faoi láthair? Má tá, cén obair atá á déanamh agat?

_____

_____

Cén fáth a bhfuil suim agat an dianchúrsa ullmhúcháin seo a dhéanamh?

_____

_____

ÍOCAÍOCHT

Ní mór duit táille an chúrsa (€450) a íoc agus an fhoirm iarratais seo á seoladh isteach agat. Bíodh seiceanna agus orduithe poist iníoctha le 'Gaelchultúr Teoranta'.

Is mian liom íoc le : VISA ☐ MASTERCARD ☐ LASER ☐ SEIC / ORDÚ POIST ☐

Ainm ar an gcárta: _____

Uimhir an chárta:

☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ ☐☐☐

Dáta éaga: ☐☐ / ☐☐ / ☐☐ Uimhir CCV: ☐☐☐

Seol an fhoirm chomhlánaithe seo, mar aon leis an táille (€450), chuig:
Dianchúrsa ullmhúcháin, Gaelchultúr Teoranta, Leibhéal 2, Foirgneamh Filmbase,
An Chuarshráid, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2.